Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 10 Márta 2021**
**(OR. en)**

**6926/21**

**JUSTCIV 41**
**DROIPEN 45**
**EJUSTICE 26**
**FREMP 44**
**CYBER 59**
**DATAPROTECT 59**
**JAI 253**
**COPEN 121**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 8 Márta 2021 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir le borradh a chur faoin oiliúint do ghairmithe ceartais<br>- Conclúidí ón gComhairle arna bhformheas leis an nós imeachta i scríbhinn. |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir le borradh a chur faoin oiliúint do ghairmithe ceartais mar a d'fhormheas an Chomhairle iad trí nós imeachta i scríbhinn an 8 Márta 2021.

CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE

Borradh a chur faoin oiliúint do ghairmithe ceartais

MAIDIR LEIS AN gCOMHAIRLE

Á MEABHRÚ DI Airteagail 81(2)(h) agus 82(1)(c) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, maidir le tacaíocht ón Aontas le hoiliúint a chur ar na breithiúna agus ar fhoirne breithiúnais in ábhair shibhialta agus choiriúla;

Á CHUR I dTREIS AICI an ról ríthábhachtach atá ag an oiliúint bhreithiúnach chun cultúr coiteann breithiúnach Eorpach a fhorbairt, bunaithe ar an smacht reachta, ar an muinín fhrithpháirteach agus ar an urraim do chearta bunúsacha, agus chun a áirithiú go gcuirfear dlí an Aontais i bhfeidhm mar is ceart agus go haonfhoirmeach agus go mbeidh imeachtaí breithiúnacha trasteorann san Aontas éifeachtúil agus éifeachtach;

MAIDIR LEIS AN gCOMHAIRLE

(1) IS DÍOL SÁSAIMH DI agus is mór aici na cuspóirí nua, uaillmhianacha agus tráthúla atá leagtha síos ag an gCoimisiún Eorpach sa Teachtaireacht dar teideal *Ensuring Justice in the EU – a European judicial training strategy for 2021–2024* [An ceartas a áirithiú san Aontas Eorpach – straitéis Eorpach um oiliúint bhreithiúnach do 2021-2024][1], ionstraim lena gcuirfear borradh faoin oiliúint bhreithiúnach Eorpach, lena gcabhrófar le feabhas a chur ar cháilíocht agus éifeachtúlacht agus le córais cheartais an Aontais a nuachóiriú;

1 13704/20

(2) TUGANN SÍ DÁ hAIRE, le sásamh, na torthaí inbhraite a baineadh amach tríd an obair a rinneadh faoi straitéis 2011 an Choimisiúin *Building trust in EU-wide Justice – A new dimension to European judicial training* [Muinín a chothú i gceartas uile-Aontais – gné nua san oiliúint bhreithiúnach Eorpach][2], a ndearna níos mó ná leathchuid de chleachtóirí dlí uile an Aontais – breis agus 1 mhilliún rannpháirtí – freastal ar oiliúint i ndlí an Aontais idir 2011 agus 2019;

(3) AITHNÍONN SÍ an obair shuntasach atá déanta ag an nGréasán Eorpach um Oiliúint Bhreithiúnach (GEOB), a d'fhás, a aibíodh agus a dhaingnigh gurb í féin is fearr chun comhordú a dhéanamh, trína chomhaltaí, ar ghníomhaíochtaí oiliúna náisiúnta agus chun oiliúint trasteorann a fhorbairt do bhreithiúna agus d'ionchúisitheoirí;

(4) MEASANN SÍ go bhfuil sé thar a bheith tábhachtach leanúint leis an obair agus dlús a chur léi chun feabhas a chur ar cháilíocht, éagsúlacht agus tionchar na hoiliúna náisiúnta a bhaineann le dlí an Aontais do na gairmithe ceartais uile i bhfianaise an mhéid atá bainte amach leis an oiliúint bhreithiúnach Eorpach;

(5) CUIREANN SÍ I dTÁBHACHT gur cheart go gcuideodh an oiliúint bhreithiúnach Eorpach le hurraim don smacht reachta a chothabháil agus le cultúr an smachta reachta san Eoraip a neartú, ós rud é gur bunbhrí an smachta reachta iad neamhspleáchas, trédhearcacht, cáilíocht agus éifeachtúlacht na gcóras ceartais náisiúnta;

(6) CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur réamhriachtanas é eolas agus scileanna gairmithe ceartais a mhéadú chun cáilíocht agus éifeachtúlacht na gcóras breithiúnach a mhéadú, agus chun muinín shaoránaigh na hEorpa as córais cheartais náisiúnta agus iontaoibh fhrithpháirteach in imeachtaí breithiúnacha trasteorann a neartú;

[2] 14196/11

(7) CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS na dlúthnaisc idir an oiliúint bhreithiúnach agus an bosca uirlisí don digiteáil a cuireadh i láthair sa Teachtaireacht ón gCoimisiún dar teideal *Digitalisation of justice in the EU* [Digiteáil an Cheartais san Aontas Eorpach][3], ina dtagraítear don oiliúint mar uirlis ríthábhachtach chun gairmithe ceartais a thumadh sa réaltacht dhigiteach chun éifeachtúlacht agus éifeachtacht níos fearr a bhaint amach maidir le teicneolaíochtaí digiteacha a úsáid sna córais cheartais, agus chun lántairbhe a bhaint as na sochair a bhaineann le teicneolaíochtaí digiteacha sa chomhar breithiúnach trasteorann;

(8) AITHNÍONN SÍ gur cheart don oiliúint bhreithiúnach Eorpach aghaidh a thabhairt ar na gairmithe uile atá rannpháirteach i riaradh an cheartais: breithiúna, ionchúisitheoirí agus foireann bhreithiúnach agus cleachtóirí ceartais eile;

(9) TUGANN SÍ DÁ hAIRE go bhfuil difríochtaí suntasacha fós ann maidir le glacadh le hoiliúint ar fud na mBallstát agus i measc ghairmithe ceartais;

(10) ADMHAÍONN SÍ go bhfuil ábhair a bhaineann le hoiliúint ghairmithe ceartais trasghairmiúil, ildisciplíneach agus ilghnéitheach agus go bhfuil gá le comhordú ar an leibhéal Eorpach agus ar an leibhéal náisiúnta araon;

(11) AITHNÍONN SÍ a bhfuil bainte amach ag an nGréasán Eorpach um Oiliúint Bhreithiúnach (GEOB) maidir le hoiliúint a chur ar bhreithiúna agus ionchúisitheoirí agus molann sí do ghairmeacha eile cur leis an dea-shampla seo trí idirphlé agus malartú dea-chleachtas a chur chun cinn ar an leibhéal Eorpach laistigh de na struchtúir líonraithe atá ann cheana;

(12) CUIREANN SÍ I dTÁBHACHT a thábhachtaí atá tacaíocht airgeadais ón Aontas i réimse na hoiliúna breithiúnaí Eorpaí faoin gclár nua um Cheartas, an acmhainneacht atá ag deiseanna cistiúcháin a chuirtear ar fáil faoin gclár um Shaoránaigh, Comhionannas, Cearta agus Luachanna (CERV) agus faoi Chiste Sóisialta na hEorpa ach freisin na hinfheistíochtaí a d’fhéadfaí a dhéanamh mar thoradh ar an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (RRF);

[3] 13708/20

(13) TUGANN SÍ DÁ hAIRE an obair a d'fhorbair na Gréasáin Bhreithiúnacha Eorpacha in ábhair choiriúla agus in ábhair shibhialta agus thráchtála chun seisiúin oiliúna maidir le comhar breithiúnach a chur chun cinn agus rannchuidiú leo chomh maith le torthaí an naoú babhta de mheastóireachtaí frithpháirteacha maidir le hionstraimí dlíthiúla aitheantais fhrithpháirtigh i réimse na díothachta nó an tsrianta saoirse, go háirithe maidir le cleachtóirí a oiliúint;

MAIDIR LEIS AN gCOMHAIRLE

IARRANN SÍ AR NA BALLSTÁIT AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:

– A MHOLADH go n-úsáidfear deiseanna oiliúna agus go dtabharfar tacaíocht do sholáthraithe na hoiliúna breithiúnaí agus do na comhlachtaí gairmiúla ábhartha uile;

– FEABHAS A CHUR ar na hiarrachtaí chun na difríochtaí idir na Ballstáit maidir le líon na ngairmithe ceartais a bhaineann leas as na deiseanna oiliúna atá ar fáil a laghdú;

– LEAS IOMLÁN A BHAINT AS ionstraimí cistiúcháin an Aontais, go háirithe an clár um Cheartas agus an clár um Shaoránaigh, Comhionannas, Cearta agus Luachanna (CERV);

– INFHEISTÍOCHT A DHÉANAMH i ndigiteáil na hoiliúna breithiúnaí, mar shampla i dtéarmaí uirlisí eagrúcháin, an mhodheolaíocht ríomhfhoghlama is déanaí, nuachóiriú na saoráidí oiliúna agus an trealaimh le haghaidh oiliúint ar líne na suíomhanna oiliúna díláraithe, agus an tSaoráid Téarnamh agus Athléimneachta (RRF) a úsáid;

– A THATHAINT ar chomhlachtaí gairmiúla náisiúnta agus ar a soláthraithe oiliúna na forbairtí nua i modheolaíocht na hoiliúna a leanúint agus a chur i bhfeidhm, cáilíocht na hoiliúna a mhéadú trí riachtanais gairmithe a shainaithint ar bhealach níos fearr, meastóireacht a dhéanamh ar éifeachtaí na hoiliúna agus modhanna agus uirlisí nua-aimseartha a chur i bhfeidhm lena n-áirítear uirlisí digiteacha, agus na breithiúna agus na comhlachtaí gairmiúla a spreagadh chun a bheith ina n-eagraíochtaí foghlama, mar shampla trí fhoghlaim ar an láthair oibre a chur chun cinn;

– A MHOLADH do chomhlachtaí gairmiúla náisiúnta agus a soláthraithe oiliúna aghaidh a thabhairt, mar chomhpháirteanna éigeantacha den oiliúint a chuireann siad ar fáil, ar chomhluach Aontais an smachta reachta, mar a bhunaítear sna Conarthaí agus arna léirmhíniú ag Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, ar Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, ar chásdlí a bhaineann leis an gCairt, agus ar idirghníomhú na Cairte leis an gCoinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine, chomh maith le hoiliúint maidir le heolas neamhdhlíthiúil, teangacha iasachta agus scileanna gairmiúla;

– Acmhainneacht na soláthraithe oiliúna náisiúnta A ÁIRITHIÚ chun bheith ag súil le forbairtí i ndlí an Aontais agus freagairt orthu ar bhealach solúbtha, amhail bunú agus oibriú Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE), na cinn a bhaineann leis an gcibearchoireacht agus le r-fhianaise, an Treoir maidir le hathstruchtúrú agus dócmhainneacht agus leis an oiriúnú a rinneadh le déanaí ar an *acquis* maidir le cearta tomhaltóirí agus an t-oiriúnú atá fós le déanamh, trí shaineolas, scileanna agus dearcthaí na ngairmithe a oiriúnú agus a fheabhsú;

– An cur chuige ildisciplíneach ar cheart a bheith i gceist leis an oiliúint bhreithiúnach A CHUR I dTÁBHACHT;

– Tacaíocht chomhleanúnach inbhuanaithe A CHUR AR FÁIL, i dteannta a chéile, do bhreithiúna lasmuigh den Aontas, go háirithe sna Balcáin Thiar chun a n-acmhainneacht a mhéadú, agus chun a áirithiú go gcloíonn siad le caighdeáin an smachta reachta agus go dtuigeann siad an ról atá ag dlí an Aontais sa chleachtas laethúil agus na hoibleagáidí a eascraíonn as dlí an Aontais in imeachtaí breithiúnacha náisiúnta;

IARRANN SÍ AR NA BALLSTÁIT OIBRIÚ LE SOLÁTHRAITHE OILIÚNA AGUS COMHLACHTAÍ GAIRMIÚLA NA gCLEACHTÓIRÍ CEARTAIS CHUN AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:

– A ÁIRITHIÚ go gcuirfidh na scéimeanna oiliúna náisiúnta tosaigh agus leanúnacha ar chumas na ngairmithe ceartais uile an ról atá ag dlí an Aontais a shainaithint ina gcleachtas laethúil, é a chur i bhfeidhm go héifeachtach, agus urraim do na cearta agus do na hoibleagáidí a eascraíonn as dlí an Aontais in imeachtaí breithiúnacha náisiúnta a áirithiú;

– Céimeanna A GHLACADH chun feabhas a chur ar an oiliúint maidir le dlí an Aontais do ghairmeacha nach mbaintear úsáid iomlán as na deiseanna oiliúna atá ar fáil iontu, amhail dlíodóirí, báillí, foireann cúirte, foireann príosúin agus foireann promhaidh, chun na spriocanna uaillmhianacha atá leagtha síos ag an straitéis nua Eorpach um oiliúint bhreithiúnach a bhaint amach;

– INFHEISTÍOCHT A DHÉANAMH i ngnéithe Eorpacha na hoiliúna do ghairmithe ceartais ag tús a ngairmréime;

– A ÁIRITHIÚ go n-aithníonn na scéimeanna oiliúna náisiúnta rannpháirtíocht san oiliúint ghairmiúil thar lear agus go dtacaíonn siad leis sin, agus go dtugann siad aitheantas iomlán do rannpháirtíocht den sórt sin;

– Iarrachtaí A DHÉANAMH chun líonraí náisiúnta de chomhordaitheoirí dlí an Aontais a bhunú agus a neartú i gcás inarb ann dóibh, ar líonraí iad ina bhfuil gairmithe a shainaithnítear go cúramach agus a bhfuil oiliúint shonrach orthu;

– Leas iomlán A BHAINT AS réitigh dhigiteacha chun éifeachtúlacht agus éifeachtacht foghlama a mhéadú;

– Gairmithe ceartais náisiúnta A CHUMHACHTÚ, a bhfuil eolas, scileanna agus dearcthaí leordhóthanacha acu a bhaineann le gach gné de na teicneolaíochtaí nua agus den digiteáil, lena n-áirítear an intleacht shaorga agus teicneolaíocht dhlíthiúil, lena gcuirtear ar a gcumas cásanna a bhaineann leis an digiteáil a láimhseáil, úsáid a bhaint as na teicneolaíochtaí nua mar uirlisí oibre, agus cosaint leordhóthanach a áirithiú do chearta daoine aonair sa spás digiteach, lena n-áirítear an ceart chun príobháideachais agus cosaint sonraí;

– Leathadh agus athúsáid táirgí insoláthartha na dtionscadal oiliúna Eorpach A ÁIRITHIÚ;

IARRANN SÍ AR BHREITHIÚNA AGUS AR GHAIRMEACHA LIOBRÁLACHA NA mBALLSTÁT AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:

– Feasacht A MHÉADÚ faoin ról lárnach atá ag comhaltaí sinsearacha agus ag ceannairí gairmeacha ceartais i scaipeadh réamhghníomhach faisnéise maidir le hoiliúint náisiúnta agus Eorpach agus i dtacú le rannpháirtíocht san oiliúint sin;

– A MHOLADH DO na gairmithe ceartais uile deiseanna oiliúna a thapú, lena n-áirítear deiseanna thar lear;

– An oiliúint do ghairmithe nua ceartais maidir le dlí an Aontais A NEARTÚ, mar shampla maidir le ról dhlí an Aontais ina gcóras náisiúnta agus maidir le *acquis* an smachta reachta;

IARRANN SÍ AR FRA, EUROJUST agus ar ghníomhaireachtaí eile Ceartais agus Gnóthaí Baile agus a gcuid líonraí an méid seo a leanas a dhéanamh:

– a bheith rannpháirteach go hiomlán san oiliúint bhreithiúnach Eorpach;

– dul i mbun caidrimh oibre agus tacaíocht a chur ar fáil do sholáthraithe oiliúna Eorpacha agus – i gcás inarb ábhartha agus inar féidir – do sholáthraithe oiliúna náisiúnta do ghairmithe ceartais;

IARRANN SÍ AR AN gCOIMISIÚN EORPACH AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:

– úsáid na hoiliúna breithiúnaí Eorpaí a chur chun cinn chun cultúr coiteann dlíthiúil atá bunaithe ar phrionsabail an smachta reachta, na muiníne frithpháirtí agus na gceart bunúsach a neartú;

– tacú le tionscadail oiliúna ar ardchaighdeán a bhfuil gné Eorpach ag baint leo agus lena ndéantar an inbhuanaitheacht agus leathadh na dtáirgí insoláthartha a chosaint;

– deiseanna oiliúna sa litearthacht dhigiteach agus scileanna digiteacha a chur chun cinn do bhreithiúna, d'ionchúisitheoirí, don fhoireann bhreithiúnach agus do chleachtóirí eile ceartais;

– infheistíocht a dhéanamh i ndigiteáil bhreise mhodheolaíocht na hoiliúna breithiúnaí;

– rochtain ar chistiú ón Aontas agus ar an bpróiseas bainistithe deontas a shimpliú agus eolas a chur ar fáil faoi;

– infheistíocht a dhéanamh i bhforbairt agus i gcur chun cinn Ardán Eorpach Oiliúna na Tairsí Eorpaí don r-Cheartas agus inrochtaineacht an ardáin ilteangach sin do ghairmithe ceartais uile a chur chun cinn**;**

– tacú leis na líonraí Eorpacha atá ann cheana chun an t-idirphlé i measc breithiúna a chur chun cinn agus a fheabhsú, amhail trí fhóram idirphlé 'judges@europe', chun malartú saineolaithe a éascú, ar bhonn deonach, maidir le hábhair a bhaineann leis an smacht reachta chomh maith le sláine agus neamhspleáchas na mbreithiúna i gcreat eolach iontaofa;

TABHARFAIDH SÍ DÁ hAIRE gach bliain an dul chun cinn atá déanta ag soláthraithe oiliúna agus ag na Ballstáit chun na cuspóirí a bhaint amach, i ndlúthchomhar leis an gCoimisiún agus bunaithe ar a thuarascálacha bliantúla maidir le hoiliúint bhreithiúnach, agus le geallsealbhóirí an cheartais agus na ngairmeacha liobrálacha agus leis na Ballstáit.